

Ráiteas Scríofa Bhaile Ghib

Lonnaíocht	Baile Ghib
An Suíomh san Orlathas Lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhísí agus d'fhorbairt fiontair áitiúil
An Suíomh sa Straitéis Miondíola	Ionad miondíola leibhéal 5
Daonra – bunaithe ar Logeolaire (Níl fáil ar aon sonraí daonáirimh)	93 duine¹
Aonaid Thiomnaithe Tithíochta (Níl siad tógtha go fóill)	Aonaid thiomnaithe ar bith
Liúntas Teaghlaigh (Croístraitéis)	20 Aonad
Oideachas	Scoil Náisiúnta
Áiseanna Pobail	Faiche CLG na Wolfe Tones, Halla an Phobail
Suíomhanna Natura 2000	Tá an Abhainn Dhubh lonnaithe thart ar 1.6km siar ó dheas ón sráidbhaile. Cruthaíonn an abhainn seo cuid de líonra SAC agus SPA Natura 2000 na Bóinne agus na hAbhann Duibhe a ghabhann ar fud an chontae. Sníonn roinnt sruthanna áitiúla atá suite i ngar don sráidbhaile isteach san Abhainn Dhubh.
Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte	Ní theastaíonn aon MSRT. Beartais um Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte ón CDP a chur i bhfeidhm.

Spríoc

Forbairt an tsráidbhaile a chur chun cinn ar bhealach a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn a shainiúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha, agus a dhéanann soláthar d'fhorbairt a chuirfidh ar chumas Bhaile Ghib chun áit a fhorbairt ar bhealach inmharthana atá ina áit mhealltach le cónaí agus le hoibriú ann agus áit a mheallann daoine chun sult a bhaint as caitheamh aimsire ann agus chun cuairt a thabhairt air, agus le sainiúlacht Ghaeltachta na háite a léiriú.

01 Comhthéacs an tsráidbhaile

Tá Baile Ghib lonnaithe i lár Chontae na Mí i dToghcheantar na hUaimhe. Tá an áit ar cheann den dá cheantar Gaeltachta atá sa chontae, is é Ráth Chairn an Ghaeltacht eile. Tá Baile Ghib lonnaithe ar an R163 (bóthar réigiúnach Bhaile Shláine/Cheanannais) thart ar 7km siar ó thuaidh ón Uaimh.

Cuireann an chreatlach reachtúil um úsáid talún le haghaidh Bhaile Ghib forbairt an tsráidbhaile amach anseo chun cinn ar bhealach comhordaithe, pleanáilte agus inmharthana d'fhonn a shainiúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha a chosaint agus forbairt a sholáthar, i gcomhthráth, atá inmharthana ó thaobh cúrsaí fisiciúla, geilleagracha agus sóisialta de. I measc na gcuspóirí tá timpeallacht a thógáil, atá mealltach agus sainiúil i dtaobh cúrsaí fisiciúla de, mar shráidbhaile Gaeltachta dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn i mBaile Ghib, anuas ar bheith mealltach do chuirteoirí.

¹ Thug Logeolaire An Post le fios go bhfuil 32 áit chónaithe laistigh de theorainn an Phlean Ceantair Áitiúil. Riomhadh an daonra tar éis a mheas gurb é 2.9 an mheánáitíocht in aghaidh na háite cónaithe.

Sainaitnítear Baile Ghib laistigh de ghrúpáil 'na bPríomhshráidbhailte' in ordlathas lonnaíochta an Phlean Forbartha Contae. Is gnách go mbíonn na sráidbhailte siúd lonnaithe in áiteanna níos faide amuigh ó bhailte nó ó ionaid mhóra agus is gnách go mbíonn feidhm thábhachtach acu chun seirbhísí a sholáthar do na daonraí áitiúla tuaithe agus do na daonraí sna sráidbhailte máguaird. Go bunúsach, oibríonn siad faoi mar a bheadh ionaid seirbhísí tuaithe ann; tá feidhm rithábhachtach acu chun pobail tuaithe a choimeád.

Tacófar le forbairt na sráidbhailte sin amach anseo mar phríomhionaid áitiúla do sheirbhísí agus d'fhorbairt fiontair áitiúil agus ní mheasfar go mbeidh gá le haon bhorradh, seachas é sin a fhreastalaíonn ar riachtanais áitiúla nó aon bhorradh a chruthódh patrúin neamh-inmharthana chomaitéireachta.

D'fhonn an fhís do Bhaile Ghib a fhíorú, sainaitníodh straitéisí do na limistéir a leanas: oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha, úsáid talún, gluaiseacht agus rochtain agus oidhreacht nádúrtha agus thógtha. Cuireann beartais agus cuspóirí leis na straitéisí seo agus déantar cur síos orthu siúd sna míreanna níos faide ar aghaidh.

Cuspóirí Fairsinge

- Maireachtáil agus cur chun cinn leanúnach na Gaeilge a chinntiú mar theanga labhartha an phobail Ghaeltachta.
- Cosaint agus cur chun cinn gach gné d'fhéiniúlacht chultúrtha na Gaeltachta a éascú.
- Forbairt a chur chun cinn a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha Bhaile Ghib.
- Áineas agus spásanna oscailte a sholáthar ag láithreacha oiriúnacha straitéiseacha a ndéanfaí dearadh ardchaighdeáin orthu agus a chuireann rannpháirtíocht an phobail chun cinn.
- A chinntiú go soláthraítear an tithíocht, na háiseanna tráchtála, pobail agus oideachais oiriúnacha chun freastal ar an lucht cónaithe reatha agus amach anseo agus ar bhealach a chothaíonn an teanga agus an cultúr.
- Creatlach dhaingean um dhearadh uirbeach a sholáthar a chuireann sainiúlacht Ghaeltachta an tsráidbhaile in iúl.

02 Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce

Uisce: Déanann príomhphíobán poiblí uisce freastal ar Bhaile Ghib a thagann ó Líonra Soláthair Uisce na hUaimhe. Tá toilleadh foriomlán 75,000 P.E. ag an soláthar poiblí uisce agus úsáidtear thart ar 70,000 P.E. gach lá. Tá srian ar nasc an phríomhphíobáin uisce ón Uaimh go dtí Baile Ghib. Níl aon tograí reatha ann chun méid an phríomhphíobáin a mhéadú chun an srian seo a shárú.

Fuíolluisce: Níl aon áiseanna cóireála fuíolluisce sa sráidbhaile, agus ar an ábhar sin, braitheann an sráidbhaile ar umair aonair sheipteacha faoi láthair. Níl aon tograí reatha ann chun ionad cóireála fuíolluisce phoiblí a thógáil i mBaile Ghib. Bagraíonn an coinníoll seo ar cháilíocht na soláthairtí reatha uisce, mar aon le bheith ina mhórsrian ar scála na forbartha amach anseo.

Déanfar breithniú ar thograí maidir le forbairt amach anseo sa chomhthéacs seo.

03 Úsáid Talún

Is úsáid cónaithe, seirbhíse áitiúla agus fostaíochta agus oideachais atá i gceist leis an bpríomhúsáid talún i mBaile Ghib. Tugtar breac-chuntas orthu seo i Mir 4.0, 5.0 agus 6.0, faoi

seach. Is éard atá i gceist leis an bpríomhúsáid talún thart ar an sráidbhaile agus máguaird ná talún a úsáid ar mhaithe le cuspóirí talmhaíochta.

Tá sé de chuspóir ag an straitéis um úsáid talún do Bhaile Ghib *'forbairt shainiúil cónaithe atá tiomanta chun ardcháilíocht a bhaint amach agus na háiseanna riachtanacha tráchtála agus pobail'* a sholáthar. Tá trí chrios ar leith cuimsithe i léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún don sráidbhaile. Tá úsáid pobail agus caitheamh aimsire beartaithe in iarthar an tsráidbhaile, lena n-áirítear limistéir reatha chónaithe, agus tá lár comhdhlúthaithe an tsráidbhaile beartaithe in oirthear an tsráidbhaile, in éadan an R163. Ba cheart go dtabharfadh criosú lár an tsráidbhaile faoi fhreastal ar riachtanais shóisialta agus phobail an daonra reatha agus amach anseo, mar aon le lár inaitheanta agus infheicthe a chruthú don sráidbhaile.

Tá spás oscailte poiblí criosaithe laistean den sráidbhaile, i bhfoirm páirc líneach/bealach glas. Feidhmeoidh seo mar mhaolán idir limistéir forbartha nua agus Diméin stairiúil Bhaile Ghib agus cuirfidh sé feabhas ar áineas an tsráidbhaile.

Meastar gur sainaitníodh talamh leordhóthanach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais fostaíochta Bhaile Ghib thar shaolré an Phlean Forbartha Contae. Beidh áititheoir nua a sholáthar d'fhoirgneamh mórthaibhseach Timoney Engineering (thart ar 4,000 méadar cearnach) ina thosaíocht i bhfabhar tógáil nua. Soláthraíonn tailte breise laistean de na foirgnimh reatha deiseanna le haghaidh fairsingiú. Rinneadh machnamh ar an gcuspóir um chriosú úsáid talún a chéimniú ó thailte ina n-aice.

Forbairt ísealdlúis a bheidh san fhorbairt nua cónaithe i mBaile Ghib d'fhonn rogha inmharthana a sholáthar ar thithíocht aonuaire agus chun saintréithe foriomlána tuaithe an cheantair a choimeád. Tá sé beartaithe gur féidir le borradh teacht ar na ceantair seo amach anseo d'fhonn úsáid inmharthana talún seirbhísithe a chinntiú.

04 Forbairt Cónaithe

Lorgaíonn na príomhbheartais daonra a chinntiú gur féidir leis an daonra leanúint bheith faoi bhláth agus bheith mar phobal cultúrtha sainiúil. Ba cheart do chónaitheoirí nua bheith réidh le ceangal a dhéanamh le cultúr labhartha na Gaeilge le cosaint na teanga agus an chultúir sa cheantar a chinntiú.

Tá úsáid cónaithe lonnaithe laistigh agus i ngar do theorainn forbartha an tsráidbhaile. Is éard atá iontu seo, go príomha, ná teachíní stairiúla a bhaineann le Diméin Bhaile Ghib agus tithe aonuaire a tógadh níos déanaí i bhfoirm forbairt ribíneach. Níorbh ann d'aon mhórfhorbairt cónaithe sa sráidbhaile le blianta beaga anuas. Agus aird ar a stádas sráidbhaile laistigh d'ordlathas an Phlean Forbartha Contae, leithdháileadh figiúr 20 aonad tithíochta do Bhaile Ghib atá le forbairt le linn shaolré an Phlean (2013-2019). Ba cheart go mbeadh forbairt ísealdlúis i gceist le forbairt cónaithe amach anseo agus go mbeidh aird ag an bhforbairt sin ar fhoirm agus ar stíleanna na bhfoirgneamh traidisiúnta sa cheantar.

Shainaithin léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún na tailte a theastaíonn chun spás a thabhairt do na 20 aonad a fhoráiltear faoin gCroistraitéis. Lean seo tabhairt faoi scrúdú ar na tailte a sainaitníodh roimhe seo le haghaidh úsáid talamh chónaithe i bPlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib 2009 agus a bhfuil fáil orthu go fóill lena bhforbairt. Eascraíonn an chuid is mó de na tailte a sainaitníodh le haghaidh úsáid talamh chónaithe ón measúnú seo tar éis an cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm ó lár an tsráidbhaile maidir le Máistirphlean Bhaile Ghib, a réitíodh mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil 2009.

Cuirtear Máistirphlean Bhaile Ghib i láthair i Mír 8.0. Plean táscach, amháin, atá sa Mháistirphlean, a forbraíodh mar chuid de Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ghib (2009), agus tá sé in ainm is treoir a thabhairt maidir le dearadh i dtaobh foirm thógtha agus leagan amach an tsráidbhaile. Cé nach bhfuil méid agus cineál na gcuspóirí um chriosú úsáid talún comhsheasmhach a thuilleadh leo siúd a chuimsítear i bPlean Ceantair Áitiúil 2009 don Sráidbhaile, ar forbraíodh an Máistirphlean dó, is mór is fiú an chreatlach um dhearadh

uirbeach a choimeád don sráidbhaile. Leanfaidh an Máistirphlean táscach le treoir a thabhairt maidir le tograí bainistíochta forbartha sa sráidbhaile ar feadh shaolré an Phlean Forbartha Contae. Ba cheart breithniú a dhéanamh air seo i gcomhar le léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún, arb í seo an chreatlach reachtúil um úsáid talún don sráidbhaile.

Measann Comhairle Contae na Mí gurb éard atá i gcoilár Bhaile Ghib ná an limistéar ar an R163 idir an scoil náisiúnta agus an fhorbairt thionsclaíoch (Adtec Aerauto agus iarfhóirgneamh Timoney Technology) lastoir den limistéar. Shainaithean Comhairle Contae na Mí 3.2 heicteár de thalamh a úsáidfeadh ar mhaithe le cuspóirí cónaithe, lena n-áirítear an fhorbairt neamhchríochnaithe cónaithe a shainaithean le haghaidh chuspóir um chriosú úsáid talún *"Cónaithe Reatha" A1*. Anuas air sin, ceadófar forbairt cónaithe laistigh den suíomh a sainaithean d'áiseanna agus d'úsáid lár an tsráidbhaile. Theipfeadh ar 20 aonad caighdeánaithe a chur i bhfeidhm sa heicteár aird a choimeád ar an dearadh coiteann atá le sonrú laistigh den cheantar Gaeltachta. Tá forbairt ísealdlúis cónaithe beartaithe d'fhonn rogha inmharthana a sholáthar ar thithíocht aonuaire agus chun saintréithe foriomlána tuaithe an cheantair a choimeád. Déantar an Máistirphlean don sráidbhaile soláthar do 20 aonad sna suíomhanna a sainaithean d'fhorbairt cónaithe i léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún. Beidh sé ina cheanglas ag aon iarratas ar fhorbairt cónaithe a bhaineann le tailte, chun comhsheasmhacht a léiriú leis an Máistirphlean don sráidbhaile, de réir mar a bhaineann sé leis na suíomhanna sin. Sainaithean na tailte eile go léir mar Chaomhantas Straitéiseach agus níl sé beartaithe scaoileadh leo laistigh de shaolré an Phlean Forbartha Contae seo.

05 Úsáid Tráchtála, Gheilleagrach agus Miondíola

Sainaithean Baile Ghib mar ionad miondíola Leibhéal 5 in OrdLathas Miondíola an Chontae. Tá réimse beag seirbhísí miondíola ann, ina measc, go príomha, siopa áitiúil áise, agus bhainfeadh an sráidbhaile tairbhe as réimse agus éagsúlacht níos fearr de na háiseanna sin a bheith ann. Ar a shon sin, mar gheall go bhfuil an sráidbhaile i ngar don Uaimh agus do Cheanannas, leanann seo ag cur in aghaidh áiseanna a mhealladh chuig an sráidbhaile, seachas iad siúd a theastaíonn chun freastal ar bhunriachtanais an tsráidbhaile agus an cheantair thuaithe.

Lorgaíonn an straitéis seo tús áite a thabhairt do sheirbhísí fostaíochta agus fiontair agus d'áiseanna atá bunaithe ar oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta agus chun deiseanna fostaíochta áitiúla a thabhairt do mhuintir Bhaile Ghib. I measc na bpríomhúsáidí reatha fostaíochta, tá Aonad Tionsclaíoch Seirbhísí um Dhearadh Innealtóireachta agus Adtec Aerauto Ltd., atá lonnaithe lastoir den sráidbhaile. Tá iarfhóirgneamh Timoney Technology folamh agus d'athlonnadh an chuideachta chuig áitreabh níos mó i nGnólann na hUaimhe. Tá roinnt gnólachtaí lonnaithe lasmuigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile – teach tábhairne poiblí áitiúil ag Baile Órthaí agus atá in aice Eaglais San Caitríona mar aon le gníomhaíochtaí éagsúla tráchtála atá lastoir den sráidbhaile. Sainaithean limistéar breise le haghaidh chuspóir um chriosú úsáid talún *"Fiontar agus Fostaíocht Ghinearálta" E2* lastuaidh den R163. Rinneadh seo d'fhonn breis tionsclaíochta/fostaíochta a chruthú. Tá sé lonnaithe i ngar d'úsáidí fostaíochta chun forbairt chomhdhlúite thionsclaíoch a éascú. Tá an suíomh seo arna shainaithean mar Chéim II san Ord Tosaíochta a chuimsítear sa Chreatlach Forbartha.

06 Áiseanna Pobail agus Spásanna Oscailte

Baineann Baile Ghib sochar ó rannpháirtíocht ghníomhach pobail, a áiríonn Eaglais Chaitliceach Rómhánach Bhaile Órthaí laistiar den sráidbhaile lasmuigh den theorainn forbartha, Halla an Phobail (Halla Bhaile Ghib), Cumann Peile agus Iománaíochta agus tailte CLG Wolfe Tone. Tá reilig lonnaithe idir Halla an Phobail agus na tailte CLG. Tá bunscóil Bhaile Ghib (Scol Ultain Naofa) lonnaithe go lárnach laistigh den sráidbhaile. San Uaimh agus i gCeanannas atá na scoileanna is cóngaraí lonnaithe ar leibhéal meánscoile.

Níl aon limistéir sainithe áineasa poiblí ann. Sócmhainn thábhachtach stairiúil don cheantar atá sa bhealach isteach chuig Diméin Bhaile Ghib agus i bhfoirgnimh chlós feirme na Diméine soir ó dheas ón sráidbhaile.

07 Dearadh Uirbeach

Go stairiúil, bhí Baile Ghib sainithe ag Diméin Bhaile Ghib. Tháinig forbairt ar an sráidbhaile timpeall ar Dhiméin Bhaile Ghib sna 1930idí. Is éard a bhí sa Diméin, Teach Bhaile Ghib, clós feirme agus tailte máguaird, lena n-áirítear gairdín fairsing múrtha. Baineadh Teach Bhaile Ghib anuas dá chéile i 1965, agus fágadh coimpléasc fairsing clós feirme ina raibh foirgnimh chloiche agus bhrící, gairdín múrtha agus roinnt bealaí isteach chuig an diméin. Tá bealach isteach foirmiúil ann laistiar den sráidbhaile, ina bhfuil an bealach isteach stairiúil chuig an diméin, anuas ar mhionbhealaí isteach chuig an gclós feirme, agus bealach isteach thoir, a dhéanann nasc leis an limistéar reatha tionsclaíoch. Is éard a bhí i gceist leis na forbairtí sna 1930idí áiteanna cónaithe de chuid Choimisiún na Talún a bhí tógtha i bpatrún scaipthe. Tá na háiteanna cónaithe seo ina ngnéithe saintréitheacha agus sainiúla den cheantar Gaeltachta. Níl lár an tsráidbhaile sainithe go soiléir, ach is ionann é agus meascán de theachíní beaga dúchasacha agus bungalónna agus tithe móra aonuaire ar a bhfuil meascán de stíleanna agus atá tógadh de mheascán d'ábhair.

Tá creatlach scaipthe thógtha i mBaile Ghib agus tá saintréithe tuaithe na háite á gcoimeád ann, agus sonraítear braislí forbartha ag an limistéar reatha tionsclaíoch, foirgnimh feirme Dhiméin Bhaile Ghib agus ag an scoil.


Tá na trí limistéar shainiúla ar leith a leanas suite i mBaile Ghib:

Limistéir Saintréithe 1: Bealach Isteach Stairiúil chuig Diméin Bhaile Ghib

Is éard atá sa limistéir saintréithe seo úsáid pobail agus an bealach isteach stairiúil chuig Diméin Bhaile Ghib.

Anailís Uirbeach

- Ábhair shlána agus uathúla teorann ina bhfuil ráillí cosanta agus geataí iontrála, gné chiorclach iontrála agus crainn aibí a chaomhnaíonn na saintréithe bunúla.
- Ballaí teorann a fhad leis an reilig, halla an phobail agus faichí CLG.
- Saintréithe tírdhreacha oscailte idir úsáid pobail agus tús struchtúr an tsráidbhaile.
- Struchtúr sainiúil crosaire a chruthaíonn ómós láidir áite.
- Drochthimpeallacht do choisithe.
- Úsáid ghníomhach pobail.




Limistéar Saintréithe 2: An Scoil agus Braisle Chónaithe

Tá an limistéar saintréithe seo lonnaithe go lárnach laistigh den sráidbhaile. Is éard atá ann ná an bhunscoil agus roinnt áiteanna cónaithe aonuaire agus foirgnimh feirme. Cruthaíonn ailíniú cóngarach na scoile leis an mbóthar agus ábhair dhearfacha teorann go bhfuil imfhálú i gceist ag an láthair seo.

Anailís Uirbeach

- Ábhar dearfach teorann ina bhfuil ráillí, ballaí agus crainn/fálta.
- Lagábhair teorann/ábhair teorann ar a bhfuil drochbhail ag teacht lastuaidh den bhóthar.
- Láithreacht dhearfach amhairc na scoile ón mbóthar a chruthaíonn ómós inaitheanta áite.
- Radhairc mhealltacha ó dheas agus radhairc ar chrainn i gcéin.
- Beagán áiseanna do choisithe.




Limistéar Saintréithe 3: Foirgnimh Feirme/Limistéar Tionsclaíoch Dhiméin Bhaile Ghib

Tá an limistéar saintréithe seo lonnaithe lastoir den sráidbhaile agus líonaíonn sé an bealach isteach chuig an sráidbhaile ón oirthear. Is éard atá i measc shaintréithe an limistéir seo meascán úsáidí, lena n-áirítear úsáidí tionsclaíocha agus cónaithe. Is éard atá sa limistéar foirgnimh feirme Dhiméin Bhaile Ghib, a mharcálann geataí stairiúla iontrála láithreach an limistéir ar bhealach modhúil. Níl aon iarsmaí infheicthe ann den dara bealach stairiúil isteach chuig an diméin.

Anailís Uirbeach

- Is forbairt thionsclaíoch is mó a fheictear sa timpeallacht amhairc.
- Cruthaíonn forbairt thionsclaíoch teorainn láidir leis an mbóthar, agus cruthaíonn sí ómós áite.
- Drochábhair teorann/drochshainiú imeall thuaidh agus theas an R163.
- Tá drochbhail ag teacht ar an mbealach isteach stairiúil chuig an gcoimpléasc foirgnimh feirme.
- Struchtúr uathúil stairiúil atá i mbráisle an chlóis feirme.
- Drochláithreacht amhairc na bhfoirgneamh feirme agus an naisc leis an bpríomhbhóthar.
- Beagán áiseanna do choisithe.



Treoir Ghinearálta maidir le Dearadh

Ba cheart go mbeadh foirgnimh nua laistigh de lár an tsráidbhaile agus na limistéir bheartaithe chónaithe i bhfoirm agus ar scála a léiríonn fhoirgnimh Bhaile Ghib.

Ba cheart go mbeadh áiteanna cónaithe scoite sna suíomhanna inlíonta lastuaidh den R163, ba cheart go gcoimeádfaidís rochtain agus go gcaomhnóidís radhairc tríothu chun naisc amhairc a chosaint leis an gcúlúir thuaithe. Ba cheart na limistéir lastoir agus laistiar den scoil a dhearadh mar limistéir forbartha braislithe ina bhfuil alliníthe éagsúla foirgnimh, ina bhfuil cumraíocht bhinne agus chomhthreomhar d'fhoirmeacha simplí tógála. Moltar tithe ag a bhfuil saintréitheacht tithe baile a thógáil in aice lár an tsráidbhaile.

Ba cheart an limistéar idir an limistéar tionsclaíoch agus lár an tsráidbhaile a dhearadh le bheith comhsheasmhach le hailínithe traidisiúnta tógála na n-áitreabh cóngarach lastuaidh uaidh sin. Ba cheart an limistéar lastoir den limistéar reatha tionsclaíoch a dhearadh mar fhorbairt cónaithe isealdlúis chun saintréithe tuaithe an tsráidbhaile a choimeád.

Ba cheart foirgnimh nua thionsclaíocha agus a bhaineann le tionscal lastoir agus lastuaidh den sráidbhaile a bhraisliú laistigh de na suíomhanna tionsclaíocha agus ba cheart go mbeidís i bhfoirm agus ar scála nach bhfuil rómháistriúil ná ionsáiteach i dtaobh cúrsaí amhairc de.

Ba cheart go soláthródh foirgnimh nua líne leanúnach thógála laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Ba cheart go mbainfeadh na foirgnimh seo eadránas gníomhach ar leibhéal na sráide agus ba cheart go mbeadh saintréithe deismire uirbeacha le sonrú iontu mar aon le roinnt úsáidí mionscála.

03 Oidhreacht na Gaeltachta

Sainíodh Baile Ghib mar Ghaeltacht sna 1930idí nuair a chuir imircigh ó Ghaeltachtaí Mhaigh Eo, Chiarraí, Dhún na nGall agus Chorcaí fúthu sa cheantar. Tharla an imirce chuig Gaeltacht Bhaile Ghib mar thoradh ar obair Choimisiún Talún na hÉireann chun cúngú feadh Chósta an Atlantaigh a laghdú. Ní raibh fáil ar dhóthain talún agus níor oir sé do na limistéir seo a bhí cúngaithe agus bhí fáil ní ba mhó ar eastáit oiriúnacha in oirthear na hÉireann. I 1937, lonnigh 52 teaghlach, ar an iomlán, i mbaile fearainn Bhaile Ghib, agus lonnigh 9 dteaghlach bhreise i 1939 i gCluain an Ghail. B'ionann líon na dteaghlach seo agus 373 duine ar an iomlán. Ba dheacair féiniúlacht na Gaeltachta a chaomhnú mar gheall ar mhéid teoranta an phobail, áit ar deacair tacú le réimse leathan seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Mar thoradh air sin, rinneadh cleachtas riachtanach den dátheangachas.

8.1 Oidhreacht Nádúrtha

Tá an Abhainn Dhubh lonnaithe thart ar 1.6km siar ó dheas ón sráidbhaile. Cruthaíonn an abhainn seo cuid de líonra SAC agus SPA Natura 2000 na Bóinne agus na hAbhann Duibhe a ghabhann ar fud an chontae. Sníonn roinnt sruthanna áitiúla atá suite i ngar don sráidbhaile isteach san Abhainn Dhubh.

Is éard atá i mBaile Ghib roinnt gnéithe nádúrtha agus tógtha ar fiú iad a chosaint. I measc na ngnéithe seo tá iad siúd a chuimsítear i dtaifead na struchtúr atá faoi chosaint agus iad siúd a shainnítear i Measúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha Chontae na Mí.

Lorgaíonn an straitéis oidhreachta nádúrtha agus tógtha a chinntiú go mbunaítear imeall glas feadh na páirce/an bhealaigh ghlais nua línigh bheartaítear laistean den sráidbhaile chun suíomh stairiúil Dhiméin Bhaile Ghib a chosaint agus chun cur le háis fhoriomlán na páirce/an bhealaigh ghlais línigh.

I measc na dtograí seo, beidh cuspóirí le haghaidh ábhair reatha agus nua theorann. Ba cheart foirgnimh nó struchtúir nár sainaithníodh ar thaifead na struchtúr atá faoi chosaint, ach a bhfuil saintréithe láidre coiteanna acu, a chosaint agus a chaomhnú mar chuid d'aon tograí forbartha.

8.2 Oidhreacht Thógtha

Cuimsítear i bPlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019 Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint le haghaidh Chontae na Mí. Liostaítear iad siúd a sainaithníodh i mBaile Ghib in Imleabhar II den Phlean Forbartha Contae. I measc na struchtúr seo tá gné chiorclach iontrála Eastát Bhaile Ghib chuig iarTheach Bhaile Ghib laistiar den sráidbhaile (MH017-138), agus clós feirme agus foirgnimh Bhaile Ghib laistean den sráidbhaile (MH018-100). Tá teachín faoi chosaint laistigh de theorainn an tsráidbhaile (MH017-143), agus tá líon teachíní faoi chosaint, chomh maith, lasmuigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile, agus sonraítear iad siúd mar Theachíní Dhiméin Bhaile Ghib i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint.

Tá sé beartaithe go rachfar i mbun gníomhartha go gníomhach le cosc a chur ar bhail níos measa teacht ar fhoirgnimh feirme agus ar thailte gaolmhara Dhiméin Bhaile Ghib agus go gcuirtear chun cinn rochtain phoiblí ar an suíomh agus feacht ar oidhreacht an tsuímh. Níor sainaithníodh aon séadchomharthaí ná áiteanna atá ina ndíol spéise seandálaíochta laistigh de Bhaile Ghib.

09 Gluaiseacht agus Rochtain

Gabhann bóthar trí shráidbhaile Bhaile Ghib, a nascann le Ceanannas san iarthar agus le Cill Bhearaigh agus le Baile Shláine san oirthear (Bóthar Réigiúnach an R163), agus gabhann bóithre áitiúla trasnacha lastoir agus laistiar den sráidbhaile, faoi seach. Tá an sráidbhaile suite i ngar d'iarBhóthar Náisiúnta Bhaile Átha Cliath-an Chabháin an N3 (a athrangáíodh mar an R147 nuair a osclaíodh Mótarbhealach an M3).

Gabhann ardleibhéil tráchta ar an R163. Déanann leibhéal íseal d'iompar poiblí freastal ar Bhaile Ghib. Tá seirbhís bhus á hoibriú ag Bus Éireann feadh an R163. Soláthraítear na príomhsheirbhísí bus ó Ceanannas agus ón Uaimh go dtí Baile Átha Cliath. D'fhéadfaí tabhairt faoi fheabhas a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí, áfach, thar shaolré an Phlean seo, nó tabhairt faoi sheirbhísí príobháideacha tointeála bus chuig Ceanannas nó chuig an Uaimh a fhorbairt, sa chás go bhfuil rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí níos mó.

Cuimsítear limistéar tógtha Bhaile Ghib den chuid is mó laistigh de bhanda siúil 400 méadar agus áirítear leis úsáid fostaíochta, cónaithe agus oideachais. Tá na húsáidí seo scaipthe laistigh den bhanda siúil seo, áfach. Tá áiseanna pobail, halla an phobail agus na tailte CLG lonnaithe laistigh de bhanda siúil 800m nó siúlóid deich nóiméad ó lár an tsráidbhaile.

Is beag áis atá laistigh den sráidbhaile do choisithe. Níl aon chosáin ann a dhéanann nasc leis na húsáidí éagsúla talún. Cruthaíonn cineál scaipthe na n-úsáidí agus an easpa cosán drochthimpeallacht do choisithe.

Soláthraítear páirceáil amach ón tsráid ag an siopa áitiúil agus ag halla an phobail. Úsáidtear limistéar thaobh an bhóthair chun páirceáil ag an reilig agus ag na faichí CLG. Páirceáiltear ag taobh an bhóthair ag an mbunscoil, chomh maith. Soláthraítear páirceáil phríobháideach cónaithe go ginearálta amach ón tsráid agus os comhair áiteanna cónaithe.

10 Máistirphlean

Léirítear máistirphlean Bhaile Ghib thíos. Léiríonn an máistirphlean páirc nua lineach, spásanna/sráideanna nasctha, foirmeacha oiriúnacha d'fhoirgnimh agus tograí tírdhreacha. Plean táscach, amháin, atá sa mháistirphlean agus tá sé in ainm is treoir a thabhairt maidir le dearadh i dtaobh foirm thógtha agus leagan amach an tsráidbhaile. Ba cheart breithniú a dhéanamh air seo i gcomhar le léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún, arb í seo an chreatlach reachtúil um úsáid talún don sráidbhaile.



Máistirphlean Tásach

Beartais

Beartais Straitéiseacha

BS 1	A chinntiú go ndireofar borradh agus forbairt Bhaile Ghib ar fheastal ar riachtanais an phobail áitiúil agus go mbeidh sí ar aon dul le saintréithe, áiseanna, oidhreacht agus tírdhreach reatha an tsráidbhaile.
BS 2	Ord Tosaíochta a oibriú maidir le tailte cónaithe a scaoileadh i gcomhréir le ceanglais CUS CS 6 a leanas den Phlean Forbartha Contae: i) Comhfhreagraíonn na tailte a shainaitnítear le cuspóir um chriosú úsáid talún <i>"Cónaithe Nua" A2</i> do riachtanais Thábla 2.4, Leithdháileadh Tithíochta agus Riachtanais Talún Criosaithe in Imleabhar I den Phlean Forbartha Contae seo agus tá fáil orthu le haghaidh forbairt cónaithe laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo. ii) Níl fáil ar na tailte a shainaitnítear le cuspóir um chriosú úsáid talún <i>"Cónaithe Nua" A2</i> ach a cháilítear amhail <i>"Caomhantas Straitéiseach Cónaithe (I ndiaidh 2019)"</i> le haghaidh forbairt cónaithe laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo.
BS 3	Chun Ord Tosaíochta a oibriú maidir le tailte a cháilítear amhail <i>"Fiontar agus Fostaíocht Ghinearálta" E2</i> i gcomhréir le ceanglais CUS ED 2 a leanas: i) Tá fáil ar na tailte a shainaitnítear le cuspóir um chriosú úsáid talún <i>"Fiontar agus Fostaíocht Ghinearálta" E2</i> lena bhforbairt laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo. ii) Ní bheidh fáil ar na tailte a shainaitnítear le cuspóir um chriosú úsáid talún <i>"Fiontar agus Fostaíocht Ghinearálta" E2</i> ach amháin iad siúd a cháilítear amhail <i>"Céim I"</i> lena bhforbairt nuair a bheidh tailte go léir Chéim I forbartha nó á bhforbairt (i.e. cead arna dheonú agus an fhorbairt curtha i gcrích den chuid is mó) agus d'fhéadfaidís bheith ar fáil laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo. iii) Sa chás go mbeartaítear forbairt mhór nach bhféadfaí a lonnú ach amháin laistigh de na tailte a shainítear amhail Céim I, féadtar breithniú a dhéanamh ar thailte laistigh de Chéim II ina leith seo.

Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce

BEA SUF 1 Soláthar leordhóthanach uisce do Bhaile Ghib a éascú.

BEA SUF 2 Láithreacha oiriúnacha a shainaithint le haghaidh ionad nua cóireála fuíolluisce, faoi mar is gá.

BEA SUF 3 Nascadh áiteanna cónaithe a éascú a bhfuil córais umair sheiptigh á n-oibriú acu faoi láthair le haon chóras nua séarachais phoiblí.

Riosca Tuile

BEA RT Riosca tuile agus forbairt i mBaile Ghib a bhainistiú ar aon dul le beartais SF 29-SF 36 a chuimsítear in Imleabhar I den Phlean Forbartha Contae seo.

Forbairt Cónaithe

BEA FC 1 A chinntiú go bhfuil dóthain daoine sa daonra cónaithe le sainiúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha an cheantair a chosaint.

BEA FC 2 A aithint go bhféadfadh forbairtí nua cónaithe díobháil a dhéanamh d'úsáid, infheictheacht agus do stádas na Gaeilge agus chun a dtionchar a laghdú/a chosc.

BEA FC 3 Córas éifeachtach a phleanáil inar féidir gnéithe de thimpeallacht na Gaeltachta a mheasúnú agus a chosaint mar chuid den phróiseas pleanála, lena n-áirítear coinníollacha teanga a úsáid.

Úsáid Tráchtála, Gheilleagrach agus Miondíola

BEA TGM 1 Forbairt na fostaíochta agus an fhiontair a spreagadh laistigh den sráidbhaile a chothaíonn an teanga agus an cultúr.

BEA TGM 2 A aithint go bhféadfadh forbairtí nua tráchtála díobháil a dhéanamh d'úsáid, infheictheacht agus do stádas na Gaeilge agus chun a dtionchar a laghdú/a chosc.

BEA TGM 3 Beidh an tÚdarás Pleanála go ginearálta, agus faoi réir fhorálacha an Phlean Forbartha, dea-mhéineach i leith iarratas ar fhorbairtí geilleagracha den saghas a leanas:

- Acmhainní múinte teanga
- Áiseanna caitheamh aimsire trí Ghaeilge
- Ionaid phobail a thacaíonn le húsáid na Gaeilge
- Áiseanna oideachais, e.g. tríú leibhéal etc.
- Turasoireacht atá bunaithe ar an teanga agus ar an gcultúr
- Oifigí Gaeltachta ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge don phobal Gaeltachta
- Gnó atá bunaithe ar an teanga, e.g. seirbhísí aistriúcháin/cumarsáide.

BEA TGM 4 Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí oiriúnacha eile chun úsáidí inmharthana agus geilleagracha bunaithe ar an nGaeilge a fhorbairt i gceantar na Gaeltachta.

BEA TGM 5 Comhdhlúthú an limistéir reatha thionsclaíoch a sholáthar.

BEA TGM 6 Cruthú fostaíochta a éascú trí úsáidí tionsclaíocha/fiontair a fhorbairt, agus láthair fhoirgnimh feirme Dhiméin Bhaile Ghib a chosaint atá suite ó dheas.

BEA TGM 7 Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inmharthana úsáidí tionsclaíocha agus gaolmhara agus do dheiseanna fostaíochta a chruthú laistigh de shráidbhaile Bhaile Ghib.

Áiseanna Pobail agus Spásanna Oscailte

BEA ÁP 1 Tacú le heagraíochtaí pobail maidir le seirbhísí a sheachadadh a chosnaíonn agus a chuireann teanga shainiúil agus traidisiúin chultúrtha an cheantair chun cinn.

BEA ÁP 2 Feabhsú halla reatha an phobail a chur chun cinn laistiar den sráidbhaile.

BEA ÁP 3 Soláthar a dhéanamh d'fhairsingiú bhunscoil Bhaile Ghib agus na limistéar súgartha lena mbaineann agus úsáidí comhlántacha pobail.

An Oidhreacht

BEA OID 1 Suíomh reatha tirdhreacha fhoirgnimh feirme Dhiméin Bhaile Ghib.

BEA OID 2 Iarsmaí ráillí na diméine a chosaint lastuaidh agus laisteas den R163.

Dearadh Uirbeach

BEA DU 1 Aird a bheith ar an Máistirphlean do Bhaile Ghib a chuimsítear i Mír 8 den Ráiteas Scríofa seo i ndearadh agus i measúnú a dhéanamh ar thograí bainistíochta forbartha a thugtar ar aghaidh le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae ar thailte a shainithnítear le haghaidh cuspóirí um chriosú úsáid talún.

BEA DU 2 Saintréitheacht thraidisiúnta tógála fhoirgnimh feirme Bhaile Ghib a chosaint.

BEA DU 3 Soláthar a dhéanamh do shaintréitheacht tithíochta cónaithe atá i bhfoirm agus ar scála de réir an tsráidbhaile – áiteanna cónaithe de shaghas Choimisiún na Talún ina bhfuil stór go leith agus foirgnimh dhá stór teach feirme. Tá an chumraíocht oiriúnach le bheith ar áiteanna cónaithe i gcomhréir lena láthair.

BEA DU 4 Airde mhéadaithe foirgneamh a cheadú, sa chás gur cuí, amhail a léirítear trí ráiteas um dhearadh uirbeach.

BEA DU 5 Na Caighdeáin Deartha a sholáthraítear thíos a chomhlíonadh i measúnú a dhéanamh ar gach iarratas pleanála ar chead pleanála laistigh d'imchlúdach forbartha Bhaile Ghib:

- Chun forbairt tithe baile a éascú atá in aice lár an tsráidbhaile agus a bhfuil radharc ar an R163 acu agus an pháirc líneach ó dheas a bheartaítear.
- Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt saintréitheacht éagsúil tithíochta i gcumraíocht bhraisilthe ar thailte laisteas den R163, lastoir den limistéar tionsclaíoch, agus lastoir agus laistiar den scoil.
- Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt áiteanna cónaithe scoite i gcumraíocht a ailíníonn leis na háiteanna cónaithe reatha ina n-aice ar thailte idir lár beartaithe an tsráidbhaile agus an limistéar tionsclaíoch.
- Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt tithe scoite teaghlaigh ar dlús 6 aonad sa heicteár (2.5 aonad san acra) nó de réir mar is cuí ar shuíomhanna inlíonta (tailte criosaithe A2).
- Soláthar a dhéanamh do dhiansaothrú suíomhanna cónaithe amach anseo i limistéir bhraisle chónaithe nuair a bhíonn fáil ar an mbonneagar.
- Ba cheart go léireodh Ráitis Dearaidh le haghaidh tailte braisle an fhéidearthacht go dtarlódh diansaothrú san fhadtárma.
- Áiteanna cónaithe a spreagadh atá ar scála a léiríonn toisí coiteanna tithe de thraidisiún Choimisiún na Talún sa 20ú haois, agus foirgnimh feirme an 18ú agus an 19ú haois, ar nós iad siúd ag Dhiméin Bhaile Ghib.

- Forbairt foirgnimh dhá stór a chur chun cinn ag lár an tsráidbhaile chun gné imfhálaithe agus féiniúlachta a chruthú.
- Forbairt áiteanna cónaithe ilstóracha ísle a chur chun cinn, idir stór amháin agus stór go leith ar na tailte criosaithe cónaithe eile.
- Forbairt líne leanúnach teorainn tosaigh ina gcuirtear fálta nó ina bhfuil ráillí curtha suas, ar aon dul le ráillí stairiúla na diméine sna limistéir chónaithe lastuaidh den R163.
- Forbairt líne leanúnach teorainn tosaigh ina gcuirtear fálta dúchasacha/ina dtógtar balla saoirseacht cloiche/ina bhfuil ráillí curtha suas sna limistéir bhraislithe thithíochta agus sna limistéir nua thithíochta laisteanas den R163.
- Feabhsú na n-ábhar reatha teorann lastuaidh den sráidbhaile a chur chun cinn, áit ar tharla forbairtí nua agus áit a bhfuil an teorainn bainte anuas agus neamhleanúnach.
- Forbairt balla/fál leanúnach agus comhleanúnach teorann feadh thaobh theas an R163.
- Tithíocht ísealdlúis a sholáthar laistiar den limistéar tionsclaíoch le cloí leis an bpatrún reatha forbartha atá le sonrú ó thuaidh.
- Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt bhraislithe ísealdlúis lastoir den bhunscoil.
- Saintréitheacht tithe baile a thógáil in aice lár beartaithe an tsráidbhaile.
- A chinntiú go mbíonn radharc ag gach forbairt nua cónaithe laisteanas den sráidbhaile atá in aice chuspóir um Chriosú Úsáid Talún F1 ar Spás Oscailte F1.

Gluaiseacht agus Rochtain

BEA GR 1 Soláthar a dhéanamh do bhearta moillithe tráchta ar an R163 tríd an sráidbhaile.

BEA GR 2 Ba cheart carrpháirceáil laistigh den limistéar beartaithe cónaithe lastoir den sráidbhaile a sholáthar ar an tsráid i spásanna struchtúrtha comhthreomhara páirceála agus i bpáirceáil amach ón tsráid laistiar den líne tógála.

BEA GR 3 Ba cheart carrpháirceáil laistigh den limistéar tionsclaíoch a sholáthar amach ón tsráid agus a chuimsiú laistigh den suíomh forbartha tionsclaíche mar chuid d'aon tograí forbartha amach anseo.

BEA GR 4 Ba cheart carrpháirceáil ar thailte criosaithe lár an tsráidbhaile a sholáthar i spásanna comhthreomhara carrpháirceála feadh an bhóthair beartaithe rochtana agus laistigh den suíomh ar chúl na bhfoirgneamh a bheartaítear.

BEA GR 5 Maidir le carrpháirceáil d'úsáidí reatha agus beartaithe pobail, halla an phobail, na tailte CLG agus an reilig san áireamh, táthar le limistéir roinnte pháirceála a úsáid.

Bainistíocht Dramhaíola

BEA BD Na suíomhanna oiriúnacha a shainithint laistigh de shráidbhaile Bhaile Ghib chun áis athchúrsála 'Fág Anseo' a sholáthar.

Féiniúlacht na Gaeltachta

BEA GAEL Stíleanna ailtireachta a spreagadh a chuireann leis an traidisiún áitiúil, ar nós 'theach Choimisiún na Talún' agus bhraisle Chónaithe an Chlachain. Spreagtar na traidisiúin dhúchasacha a léiriú go comhaimseartha.

Teileachumarsáid

BEA CUM Chun ríomhchuísiú a chur chun cinn go gníomhach i mBaile Ghib tríd an bpróiseas pleanála agus trí thacú le straitéisí chun teaghlaigh ag a bhfuil ioncain níos ísle a spreagadh agus a chur ar a gcumas fáil a bheith acu ar bhonneagar nua-aimseartha leathanbhanda.

Cuspóirí

Úsáid Talún

CUS ÚT 1 Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt úsáidí tráchtála, miondíola agus cónaithe ar thailte a bhfuil radharc amach acu ar thaobh theas an R163 agus a bhfuil rochtain le cur ar fáil dóibh ar fhoirgnimh feirme Dhiméin Bhaile Ghib.

CUS ÚT 2 Athchóiriú fhoirgnimh feirme Dhiméin Bhaile Ghib a spreagadh le haghaidh na n-úsáidí oiriúnacha, i gcomhréir, go ginearálta leis an gcuspóir um chriosú úsáid talún atá infheidhme leis na tailte siúd.

CUS ÚT 3 Athchóiriú fhoirgnimh feirme Dhiméin Bhaile Ghib a éascú agus chun rochtain ar an gcoimpléasc agus chun léirthuisicint a bheith ar an gcoimpléasc a chur chun cinn.

CUS ÚT 4 Fairsingiú na bhfaichí reatha imeartha laistiar den sráidbhaile a éascú.

CUS ÚT 5 Forbairt páirce líni/bealaigh ghlais mhealltaigh agus inrochtana a éascú a bhfuil radharc uirthi/air ar mhaithe le cuspóirí conláiste amhairc, suíomh na bhfoirgneamh feirme a chosaint, agus chun caitheamh aimsire éighníomhach a sholáthar do dheisceart an tsráidbhaile.

Forbairt Cónaithe

CUS FC 1 A cheangal go dtugtar faoi 'Staidéar ar an Tionchar ar an Teanga' sula ndéantar breithniú ar aon iarratas ar thithíocht (forbairtí singil agus ilfhorbairtí tithíochta) sa cheantar. Ceanglófar ar an staidéar sin, trí thagairt dá chúlra teangeolaíoch d'úsáideoirí nó d'áititheoirí beartaithe, nó trína ghaol a shainithint le cuspóirí forbartha teangeolaíche nó cultúrtha grúpaí a bhíonn ag plé le forbairt limistéir Ghaeltachta nó atá freagrach as forbairt limistéir Ghaeltachta, foráil a dhéanamh go mbeidh tionchar dearfach ag togra ar leith ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail.

CUS FC 2 Cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag forbairt nua cónaithe ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, cuirfear gach iarratas pleanála ar fhorbairt cónaithe, idir fhorbairtí singil agus ilfhorbairtí tithíochta, faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus lucht bainistíochta Údarás na Gaeltachta lena dtuairim a thabhairt orthu agus cuirfear na tuairimí seo san áireamh, agus léireofar a gcuirfear san áireamh, agus cinntí á ndéanamh i ngach iarratas pleanála den sórt sin.

CUS FC 3 Déanfar measúnú ar iarratais phleanála ar áiteanna cónaithe tuaithe aonuaire sa Chríos Glas de bhua a bhfiúntas chun beartas tithíochta tuaithe an Phlean Forbartha Contae a chomhlíonadh.

Úsáid Tráchtála, Gheilleagrach agus Miondiola

CUS TGM 1 A cheangal go dtugtar faoi 'Staidéar ar an Tionchar ar an Teanga' sula ndéantar breithniú ar aon iarratas ar fhorbairt tráchtála sa cheantar. Ceanglófar ar an staidéar sin, trí thagairt don chúlra teangeolaíoch d'úsáideoirí nó d'áititheoirí beartaithe, nó trína ghaol a shainithint le cuspóirí forbartha teangeolaíche nó cultúrtha grúpaí a bhíonn ag plé le forbairt limistéir Ghaeltachta nó atá freagrach as forbairt limistéir Ghaeltachta, foráil a dhéanamh go mbeidh tionchar dearfach ag togra ar leith ar chur chun cinn agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga an phobail.

CUS TGM 2 Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt oiriúnach teanga agus d'fhorbairt atá bunaithe ar an gcultúr laistigh de na criosanna oiriúnacha úsáid talún laistigh den sráidbhaile.

CUS TGM 3 Cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag úsáid/forbairtí nua tráchtála ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, cuirfear gach iarratas pleanála ar fhorbairtí tráchtála faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus lucht bainistíochta Údarás na Gaeltachta lena dtuairim a thabhairt orthu agus cuirfear na tuairimí seo san áireamh, agus léireofar a gcuirfear san áireamh, agus cinntí á ndéanamh i ngach iarratas pleanála den sórt sin.

Áiseanna Pobail agus Spásanna Oscailte

CUS ÁP 1 Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt áiseanna pobail agus caitheamh aimsire ar thailte i gcroílár an tsráidbhaile agus ar thailte atá in aice na bunscoile atá teangalárnach agus cultúrlárnach.

CUS ÁP 2 Forbairt páirce líní a chur chun cinn laisteas den sráidbhaile a bhaineann le forbairtí nua, atá go hiomlán inrochtana don phobal, a bhfuil radharc ar an bpáirc agus a sholáthróidh bealach leanúnach do choisithe feadh theorainn theas an tsráidbhaile agus a dhéanfaidh nasc leis an R163 trí limistéir nua forbartha.

CUS ÁP 3 Forbairt spás sráidbhaile a chur chun cinn in aice lár beartaithe an tsráidbhaile a chuirfidh leis na naisc amhairc agus leis an rochtain ar fhoirgnimh stairiúla feirme Dhiméin Bhaile Ghib.

Oidhreacht

CUS OID 1	Saintréithe tírdhreacha an chreasa ghlais a chosaint idir úsáid pobail agus an sráidbhaile.
CUS OID 2	Crainn agus fála scean aibí a chosaint a shainaithnítear ar léarscáil na gcuspóirí um chriosú úsáid talún a chuireann go mór le suíomh thirdhreach Bhaile Ghib.

Gluaiseacht agus Rochtain

CUS GR 1	Cosán leanúnach a fhorbairt ó lár an tsráidbhaile go dtí an t-eastát tionsclaíoch soir ón sráidbhaile, agus a dhéanann nasc leis an scoil, leis na tailte CLG agus leis an séipéal siar ón sráidbhaile feadh thaobh thuaidh an R163 agus tá na trasbhealaí bóthair le bheith suite ag láithreacha a chomhfhreagraíonn d'úsáidí pobail/fostaíochta.
-----------------	--

CUS GR 2	Bealach glas do choisithe a sholáthar laisteas den sráidbhaile feadh na bhfálta scean reatha, sa chás is féidir, mar chuid den pháirc nua líneach laisteas den sráidbhaile atá le soláthar i gcomhthráth le haon fhorbairtí nua a dhéanfar ag an láthair seo.
-----------------	---

CUS GR 3	Naisc do choisithe a sholáthar idir an pháirc nua líneach a bheartaítear agus an R163 trí limistéir nua forbartha a dhéanfar i gcomhthráth le haon fhorbairtí nua ag na láithreacha seo.
-----------------	--

CUS GR 4	Rochtain d'fheithiclí a sholáthar ar na tailte laisteas den R163 ar thalamh chriosaithe chónaithe agus lár an tsráidbhaile í, chun rochtain ar an bpáirc líneach/bealach glas a bheartaítear a éascú, agus ar fhoirgnimh feirme reatha Bhaile Ghib.
-----------------	---

Féiniúlacht na Gaeltachta

CUS FG 1	Ceanglófar ar fhorbairtí nua ráiteas deartha a leagan amach a chuirfear ar aghaidh i gcuideachta iarratais phleanála ina dtugtar breac-chuntas ar conas a chuireann an fhorbairt le féiniúlacht Ghaeltachta ar leith a chruthú.
-----------------	---

CUS FG 2	<p>Soláthar comharthaíochta i nGaeilge sa Ghaeltacht a chur chun cinn agus aird ar an méid a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none">Comharthaí ag pointí iontrála agus fágála an tsráidbhaile ar a bhfuil sonraí mínithe ar thábhacht chultúrtha na gceantar seo do chuirteoirí.Gach comharthaíocht tráchtála a sholáthar i nGaeilge. <p>I gcomhar leis na grúpaí ábhartha gairmiúla agus gairmoideachais, go bhfuil comharthaí de chuid ceantálaithe agus comharthaí eile sealadacha i nGaeilge.</p>
-----------------	---